



Fuinneamh Gaoithe

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na pictiúir thíos a thaispeánann modhanna chun fuinneamh a ghiniúint. Cuirigí bhur gcuid smaointe i gceann a chéile agus pléigí na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann.



Fuinneamh gaoithe
(muilté gaoithe)

Breosla iontaise
(ola, gual, gás)



Cuirigí bhur gcuid smaointe i láthair an ranga. An raibh na pointí céanna agaibh go léir?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois, sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cabhrú leat más gá.

windmills

proposal

renewable

nautical mile

to control

to generate

planning and regulatory process

resources

agency

to lead

2. Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Téigí siar ar na pointí ar fad a phléigh sibh faoi **Machnamh**. An féidir libh an stór focal nua a úsáid agus sibh ag plé an chéad phictiúir – fuinneamh gaoithe?
3. Féach ar an tuairisc anois agus tabhair cluas ghéar di chun na focail sin a aimsiú inti.

C: TUISCINT

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cá mbeidh an fheirm muilté gaoithe, má leantar ar aghaidh leis an togra?
2. Cad is ainm don chomhlacht a thógfaidh na muilté gaoithe agus cén fáth a bhfuil siad ag cuardach comhlacht nua le dul i bpáirtíocht leo?
3. Cé mhéad cumhachta a ghinfeadh na muilté gaoithe?
4. Cén t-ainm atá ar an gcomhlacht eile a tharraing amach as togra i ndeireadh na bliana anuraidh? Cá raibh an togra sin in ainm is a bheith?
5. Cad a bhí le rá ag an gcomhairleoir Cillian Murphy?
6. Cad a dhéanfaidh an áisíneacht nua agus cathain a bheidh sé bunaithe?
7. Cén fáth a bhfuil infheisteoirí nua á lorg?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

- a) Féach ar an gcéad chuid den mhír arís agus breac síos gach leagan a chloiseann tú de na briathra seo a leanas:

Bí: _____

Tarraing: _____

Abair: _____

Forbair: _____

- b) Bhí sampla amháin den bhriathar saor sna samplaí thuas. Cad é?

2: Saibhreas teanga (idir an dá linn)

Tá a lán nathanna cainte i nGaeilge a bhfuil an focal **dhá** iontu.

- a) Cad is brí le *idir an dá linn*?
- b) Agus, cad is brí leis na cinn seo a leanas. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

'idir dhá chomhairle'

'idir dhá thine Bhealtaine'

'idir dhá cheann na meá'

'tá dhá thaobh ar an mbád'

3: Cúrsaí canúna

Freagair na ceistanna seo a leanas faoi chúrsaí canúna leis an duine in aice leat.

- a) Cén chanúint atá ag Tomás Ó Mainnín?
- b) Féachaigí ar an mír arís agus roghnaigí na focail inti a chuireann an chanúint sin in iúl.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Samhlaigh go bhfuil feirm muilté gaoithe le tógáil in aice leis an áit a bhfuil tú féin i do chónaí. Conas a mhothaíonn tú faoi sin? Glac cúpla nóiméad anois chun machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna a mhothaíonn tú mar sin. Pléigh do chuid smaointe leis an duine in aice leat ar dtús agus ansin déan cur síos don rang iomlán ar na tuairimí atá agat.

2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú ag iarraidh do chuid mothúchán faoin scéal a roinnt ar na meáin shóisialta. Scríobh postáil ghearr don ardán is fearr leat féin (mar shampla, Twitter nó Instagram) ag léiriú na mothúchán sin anois. Ná scríobh níos mó ná deich n-abairt.

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola

Bhuel, tá díomá ar dhaoine in iarthar an Chláir go bhfuil an comhlacht *Shell* ag tarraingt amach as togra muilte gaoithe ansin. Deir comhairleoir contae áitiúil nach bhfuil an córas pleanála oiriúnach do thograí dá leithéid, agus go gcaithfidh an rialtas gníomhú má táthar le cumhacht in-athnuaite a fhorbairt sa tír.

Tomás Ó Mainnín

Os cionn 35 muirmhíle farraige amach ó Cheann Léime an Chláir atá sé beartaithe ag an gcomhlacht *Simply Blue* feirm muilte gaoithe a lonnú. Tá ceann eile beartaithe acu amach ó chósta Chorcaí. Bhí an comhlacht *Shell* mar pháirtí sa togra, ach anois, tá sé á fógairt ag an gcomhlacht sin go bhfuil siad ag tarrac¹ amach as. Dúradar gur cinneadh corparáideach gnó a bhí ann. Deir *Simply Blue* go bhfuil siad ag lorg páirtí nua anois don dtogra² ina bhfuil sé beartaithe an fuinneamh láidir gaoithe ar chósta an iarthair a cheansú, chun suas le 1.3 gigeavata cumhachta a ghiniúint, a dhóthain do suas le milliún tigh³.

Is é seo an dara babhta le bliain anuas go bhfuil comhlachtaí idirnáisiúnta tar éis tarrac amach as tograí fuinnimh in-athnuaite amach ó chósta an iarthair. I ndeireadh na bliana anuraidh, thug an comhlacht *Equinor* le fios go rabhadar sin ag tarrac amach as a bpáirt i dtogra luach dhá mhíle milliún⁴ euro i gcomhpháirtíocht leis an mBord Soláthair Leictreachais i nGob na Muine i gContae an Chláir. Thug an comhlacht *Equinor* le fios go raibh baint éigin aige ag an am leis an bhfrustrachas a bhraitheadar maidir leis an gcóras pleanála agus rialála i leith tograí fuinnimh in-athnuaite ar muir.

Tomás Ó Mainnín

Dúirt an comhairleoir áitiúil de chuid Fhianna Fáil, Cillian Murphy, gur chúis mhór díomá an cinneadh, mar go bhfuil deiseanna fostaíochta sa cheantar seo ag brath air. Deir sé áfach, nach bhfuil aon dabht ina cheann ach gur easpa acmhainní sa phróiseas pleanála agus rialála do thograí fuinnimh in-athnuaite is cúis leis na comhlachtaí seo ag tréigean deiseanna sa tír seo.

I ráiteas, dúirt an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go raibh áisíneacht nua stáit le bunú chun ceannródaíocht a dhéanamh ar an bpróiseas rialaithe d'fhorbairtí agus gníomhaíochtaí ar muir. Tá súil an tÚdarás Rialála um Ghníomhaireacht Mara⁵ a bheith bunaithe go luath an bhliain seo chugainn. Idir an dá linn, tá infheisteoirí nua á lorg anois do na mórtograí gaoithe atá beartaithe ar chósta an iarthair. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, i gCeann Léime an Chláir.

¹ tarrac = leagan canúnach de 'tarraingt'

² Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

³ tigh = leagan canúnach den fhocal 'teach'

⁴ dhá mhíle milliún = dhá bhilliún

⁵ an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) an leagan oifigiúil

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar na pictiúir. Is féidir an stór focal thíos a scríobh ar an gclár, más gá:

athrú aeráide – climate change
téamh domhanda – global warming
leibhéal na mara ag ardú – rising sea levels
stoirmeacha, tuilte agus spéirlingí – storms, floods and hurricanes
in-athnuaite – renewable
neamh-inathnuaite – non-renewable
tuirbíní gaoithe – wind turbines
fuinneamh glas – green energy
torannach – noisy
radharc gránna – eyesore
éiceachóras – ecosystem
truailiú – pollution
gás ceaptha teasa – greenhouse gas
dé-ocsaíd charbóin – carbon dioxide
lorg carbóin – carbon footprint

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

muilte gaoithe – windmills
togra – proposal
in-athnuaite – renewable
muirmhíle – nautical mile
a cheansú – to control
a ghiniúint – to generate
próiseas pleanála agus rialála – planning and regulatory process
acmhainní – resources
áisíneacht – agency
ceannródaíocht a dhéanamh ar – to lead

2. Tabhair cúpla nóiméad do gach beirt na pointí a phléigh siad faoi **Machnamh** a phlé arís, ach na focail nua atá foghlamtha acu a úsáid an uair seo.
3. Abair leo go mbeidh siad ag féachaint ar an mír den chéad uair chun na focail nua a aimsiú.

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an réamhfhocal simplí ar)

a) Cuir an chéad leath den mhír ar siúl, go dtí ‘suas le milliún tigh’. Abair leis na foghlaimeoirí go gcaithfidh siad gach leagan de na briathra sa liosta, atá sa chuid sin den mhír, a bhreacadh síos. Mínigh dóibh, áfach, nach gcaithfidh siad gach sampla den leagan céanna a scríobh síos. Mar shampla, is leor ‘tá’ a scríobh ach uair amháin. Féach:

Bí:	tá, go bhfuil, nach bhfuil, táthar, atá, bhí, ina bhfuil
Tarraing:	ag tarraingt, ag tarrac (canúint na Mumhan)
Abair:	deir, dúradar
Forbair:	a fhorbairt

b) ‘Táthar’, an briathar saor, aimsir láithreach den bhriathar **Bí**.

2: Saibhreas teanga (idir an dá linn)

a) Idir an dá linn – meanwhile, in the interim

b) Agus na cinn eile:

‘idir dhá chomhairle’ – between two minds, unsure

‘idir dhá thine Bhealtaine’ – in a dilemma

‘idir dhá cheann na meá’ – hanging in the balance, in a critical condition

‘tá dhá thaobh ar an mbád’ – there are two sides to every story

3: Cúrsaí canúna

a) Canúint na Mumhan.

b) Féach: ag tarrac, nú (nua), san (sin), don dtogra agus tigh.

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar conas cur síos ar na mothúcháin atá acu faoi fheirmeacha muilté gaoithe. Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo, más gá. Ba cheart deis a thabhairt do gach beirt plé a dhéanamh ar dtús agus ansin deis a thabhairt do gach foghlaimeoir a dtuairimí a chur i láthair an ranga.

2: Scríobh

Cleachtadh é seo ar conas achoimriú a dhéanamh ar smaointe agus conas iad a scríobh síos.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

**Lárionad
na Gaeilge**
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltacha, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

